# Polasaí i leith Maistíneachta

1. **I gcásanna AONRÚ, GLAOCH AINMNEACHA agus MAGADH PEARSANTA**

**(a)** Gach múinteoir: Ba cheart an dalta a cheartú ar an spota, a mhíniú go soiléir don dalta cén fáth nach bhfuil an saghas seo iompair ceart agus moltar é seo a dhéanamh ar bhealach neamhbhagrach.

**(b)** **(i)** Más cás leanúnach é i.e. má thugann an múinteoir faoi deara, thar thréimhse ama, nach bhfuil feabhas tagtha ar iompar an dalta sin ní mór é a chur in iúl don Príomhoide cúnta cuí.

(ii) Ní mór don Príomhoide Cúnta: -

- An múinteoir ranga a chur ar an eolas.
- Foirm "eachtra a tharla" a líonadh agus ar chúl na
- foirme an gníomhú a cuireadh i bhfeidhm a bhreacadh síos agus a chur i gcód an dalta.
- Tuismitheoirí a chur ar an eolas.
- Múinteoirí eile a chur ar an eolas m.sh. múinteoir sláinte/reiligiúin.
- Monatóireacht ar an dalta(í) agus mura dtagann aon athrú dearfach ar an scéal tar éis míosa ní mór é seo a chur in iúl don chomhairleoir treorach.

**2.** **I gcásanna DAMÁISTE DO SHEALÚCHAS PEARSANTA agus SRACAIREACHT:**

**(a)** Ba cheart é seo a chur in iúl don Phríomhoide chúnta láithreach agus go ngníomhódh sé/sí mar seo a leanas

- Múinteoir ranga a chur ar an eolas.
- An scéal a fhiosrú
- Foirm "eachtra a tharla" a líonadh agus ar chúl na
- foirme an gníomhú a cuireadh i bhfeidhm a bhreacadh síos agus a chur i gcód an dalta.
- Tuismitheoirí a chur ar an eolas.

- Fionraí a shocrú a bheadh céimithe de réir minicíochta agus dáiríreachta

**3. I gcásanna IONSAITHE FISICIÚLA: ar thalamh na scoile, ní mór do gach mhúinteoir:**

**(a)** Stop a chur leis an ionsaí láithreach - chomh fada agus is féidir agus iad a scaradh óna chéile.
**(b)** Ainmneacha daoine a bhí páirteach ann a ghlacadh.
**(c)** Ainmneacha finnéithe a ghlacadh.
**(d)** An ceann bliana a chur ar an eolas láithreach agus gníomhóidh sí/sé mar seo a leanas:

- Fios a chur ar otharcharr más gá (ba cheart go mbeadh duine fásta/múinteoir in éineacht le dalta, atá faoi ceithre bliana déag d'aois nuair atá sé/sí ag dul chuig an ospidéal).
- I gcás m.sh. lámh bhriste más féidir glaoch a chur abhaile féach an féidir leis an tuismitheoir an dalta a thógáil chuig an oispidéal. Mura féidir é seo a shocrú ní mór don cheann bliana bealach éigin a shocrú (in éineacht leis an bPríomhoide/Príomhoide Tánaisteach) leis an dalta a thógáil chuig an ospidéal
- Garchabhair a thabhairt don dalta más gá.
- Cuntas scríofa, sínithe a lorg ón dalta.
- Tuairisc taisme a lorg - más laistigh den rang a tharla an eachtra.
- Na daltaí sin a chur ar fionraí inmheánach (sa bhialann nó in éineacht leis an múinteoir ranga/Príomhoide cúnta)
- Foirm "eachtra a tharla" a líonadh agus ar chúl na foirme an gníomhú a cuireadh i bhfeidhm a bhreacadh síos agus a chur i gcód an dalta.
- Tuismitheoirí a chur ar an eolas.
- Fionraí a shocrú a bheadh céimithe de réir minicíochta agus dáiríreachta i gcomhairle leis an bPríomhoide.
- Ní mór don mhaistín leithscéal scríofa/ráite a ghabháil leis an té a ndearnadh maistíneacht air/uirthi.
- I gcás aon dalta nach bhfuil toilteanach leithscéal a ghabháil iad a chur ar aghaidh chuig comhairleoir treorach.

## 4. Cód Frithmhaistíneachta

Creidtear i gColáiste Chilliain go bhfuil sé de cheart ag gach duine freastal ar scoil a bhfuil atmaisféar slán sábháilte inti. Tá sé de pholasaí an ceart sin a chosaint. Is leasc leis an scoil seo iompar garbh, ionsaitheach nó aon chineál iompair atá bagrach ar bhealach ar bith.

Tá sé de cheart ag gach duine sa scoil a bheith saor ó bhagairtí agus ó imeaglú. Ní ghlacaimid i gColáiste Chilliain leis an gcineál iompair a bhfuil sé de thoradh aige cearta an duine a shárú. Is maistíneacht a thugtar ar shárú na gcearta seo.

I measc na bealaí ina sháraítear cearta an duine nó ina ndéantar maistíneacht tá:

- Ionsaithe fisiciúla
- Damáiste do shealúchas pearsanta
- Aonrú
- Glaoch ainmneacha
- Magadh faoi dhaoine

Aithnítear gur coir throm í an mhaistíneacht agus déantar déileáil léi dá réir. Is go cúramach agus go ciallmhar a dhéantar déileáil le cásanna maistíneacht más ann dóibh.

## Cairt Fhrithmhaistíneachta

1. Tabharfaimid aire do shábháilteacht agus leas gach duine.
2. Déanfaimid gach iarracht meas a léiriú ar na difríochtaí eadrainn.
3. Féachfaimid chuige nach ndéantar aonrú ar dhuine ar bith le linn ár ngníomhaíochtaí laethúla.
4. Ní dhéanfaimid maistíneacht ar dhaltaí eile.
5. Tá freagracht orainn dár gcomhscoláirí tuairisc a thabhairt ar aon eachtra maistíneachta a fheicimid.
6. Léireoimid meas ar shealúchas pearsanta daoine eile.
7. Má fheictear maistíneacht ag tarlú inseoimid do mhúinteoir nó d'údarás na scoile

## Muna n-insíonn tú tacaíonn tú

# Eachtra

Dalta: ___________________________________________

Rang: ______________________ Bliain: ______________

Dáta: ______________________

Eachtra a tharla:

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

Síniú an Mhúinteora: _____________________________________________________

Síniú an Dalta: __________________________________________________________

Dáta: _____________